

eti

*An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna -
Ag Cur Feabhsú Chun Cinn*



*Ag Soláthar Seirbhísí Cigireachta:
don Roinn Oideachais
don Roinn Fostaíochta agus Foghlama
don Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta*



INFHEISTEOR I NDAOINE

An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna

Tuairisc ar Chigireacht Leantach

**Naíscoil na Fuisgeoige
Cill Uaighe, Dún Muirígh**

Dáta na Cigireachta: Feabhra 2007

TUAIRISC AR CHIGIREACHT LEANTACH I NAÍScoil NA FUISEOIGE, CILL UAIGHE, DÚN MUIRÍGH, BT17 0RL (4BB-0154)

Sa chigireacht ar Naíscoil na Fuisioige i Mí an Mhárta 2005 tugadh aird ar leith ar láidreachtaí éiteas an ionaid; a fheabhas a bhí an caidreamh ag gach leibhéal; a éifeachtaí a bhíothas ag cur na Gaeilge chun cinn agus a dhéine a bhí an fhoireann ag obair agus aimsíodh an gá a bhí le feabhsúcháin a dhéanamh sna príomhréimsí seo a leanas:

- pleanáil an chláir oideachais; agus
- na modhanna chun faireachán, luacháil agus taifeadadh a dhéanamh ar dhul chun cinn na bpáistí.

San idirlinn, ó bhí an chigireacht ann, rinneadh na hathruithe seo a leanas a théann i bhfeidhm ar obair an ionaid réamhscolaíochta.

- Tá an t-ionad i ndiaidh saineolaí oideachais luath-óige nua a fhostú.
- Bíonn an fhoireann ag freastal ar chúrsaí rialta cnuasoiliúna.

Rinne an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna (an Chigireacht) cigireacht leantach ar 27 Feabhra 2007.

Tá dul chun cinn sásúil déanta ag an ionad réamhscolaíochta agus is iad seo a leanas na feabhsúcháin is tábhachtaí a cuireadh i gcrích ó bhí an chéad chigireacht ann.

- Tá formáid nua pleanála in úsáid ag an fhoireann; tá siad i ndiaidh tús a chur le roinnt pleanála nua úsáidí.
- Tá an fhoireann ag tosú a fhorbairt chórais chun faireachán agus taifeadadh a dhéanamh ar dhul chun cinn na bpáistí.

Is iad na réimsí seo a leanas ar gá tuilleadh feabhais a chur orthu:

- caithfidh an fhoireann leanúint de bheith ag ceapadh modhanna iomchuí breise pleanála agus measúnaithe lena chinntiú go mbeidh dul chun cinn mar is cuí sa chlár agus go ndéanfar freastal ar riachtanais éagsúla na bpáistí; agus
- ba chóir do shaineolaí oideachais luath-óige an ionaid, i gcomhar leis an fhoireann, díriú ar an ábhar atá sa phleanáil agus sa mheasúnú scríofa le gur féidir a chinntiú go mbainfear ardchaighdeán amach san oideachas a sholáthrófar agus go gcloífear leo sin.
- Leanfaidh an Chigireacht de bheith ag déanamh faireacháin ar an dul chun cinn a bheas á dhéanamh in obair an ionaid réamhscolaíochta lena chinntiú go gcuirfear na feabhsúcháin i bhfeidhm atá de dhíth.

© CÓIPCHEART NA CORÓNACH 2007

Is ceadmhach an tuairisc seo a atáirgeadh ina iomláine nó ina codanna, seachas le haghaidh bearta tráchtála, nó i gcomhair réamheolaire nó fógra ar choinníoll go léireofar foinse agus dáta na tuairisce ann.

Is féidir cóipeanna den tuairisc seo a fháil ón Bhrainse Seirbhísí Cigireachta, An Roinn Oideachais, Teach Ráth Giall, 43 Bóthar Bhaile Aodha, Beannchar, Co. an Dúin BT19 7PR. Tá cóip ar fáil chomh maith ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais: www.deni.gov.uk